



AN PHOBLACHT HEILLÉANACH



ΑΑΔΕ

Ανεξάρτητη Αρχή
Δημοσίων Εσόδων

An Aithin, 29 Aibreán 2025
Uimh. Thagartha:
30/010/000/26/2025

ΑΑΔΕ	IAPR
Ανεξάρτητη Αρχή	An tÚdarás
Δημοσίων Εσόδων	Neamhspleách
	um Ioncam Poiblí

AN ARDCHOMHAIRLE CHEIMICEACH

GO:

Seoladh Poist: 16, Sráid Tsocha, An Aithin

Cód poist : 115 21

Faisnéis: E. Bania-Georgopoulou

Teileafón : 210-6479244,230

Ríomhphost : axs@aade.gr

Saotharlann Stáit Ghinearálta
Cheimiceach

An Stiúrthóireacht Fuinnimh,
Táirgí Tionsclaíocha agus Táirgí
Ceimiceacha

Roinn A

ÁBHAR: Cinneadh 26/2025 ó SCC (An Ardchomhairle Cheimiceach)

Mar fhreagra ar do dhoiciméad le hUimh. tag. 30/004/000/601/1-4-2025, lenar chuir tú do thogra ar aghaidh chugainn maidir le Cinneadh SCC a ghlacadh dar teideal: **“Bealaí le haghaidh innill dócháin inmheánaigh ceithre bhuille - Sonraíochtaí, ceanglais agus modhanna tástála”**, ba mhaith linn a chur in iúl duit go bhfuil cinneadh déanta ag an Ardchomhairle Cheimiceach, a bhfuilimid i gceannas uirthi, tar éis dúinn an t-ábhar a scrúdú, ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 7 Aibreán 2025 agus tar éis di gnéithe dlíthiúla-teicniúla an togra atá i gceist a oibriú amach,

d’aontoil mar a leanas:

**Bealaí le haghaidh innill dócháin inmheánaigh ceithre bhuille -
Sonraíochtaí, ceanglais agus modhanna tástála.**

Airteagal 1 Cuspóir

Baineann an Cinneadh seo le sonraíochtaí, ceanglais agus modhanna tástála le haghaidh bealaí d'innill dócháin inmheánaigh ceithre bhuille atá beartaithe lena n-úsáid chun innill pheitрил agus innill díosail d'innill dócháin inmheánaigh ceithre bhuille (dá ngairtear ICE anseo feasta) de chineálacha éagsúla feithiclí a bhealú amhail feithiclí dhá roth, gluaisteáin paisinéirí, busanna, leoraithe, easbhóthair, etc., chomh maith le mótaír transaim, a oibríonn faoi dhálaí éadroma, meánacha agus troma i raon leathan teochtaí comhthimpeallacha.

Airteagal 2 Cineálacha bealaí le haghaidh ICE ceithre bhuille - Sonraíochtaí

1.Áirítear leis an gCinneadh seo gach grád slaodachta de bhealaí aonchineálacha agus ilchineálacha le haghaidh ICE ceithre bhuille, i gcomhréir le sonraíocht SAE is infheidhme.

2.Comhfhreagraíonn na bealaí sa Chinneadh seo do shonraíochtaí cáilíochta ACEA agus/nó API agus/nó ILSAC is infheidhme.

Airteagal 3 Ceanglais

1. Cuideachtaí a chuireann bealaí a tháirgtear sa Ghréig, i dtíortha an Aontais nó i dtíortha CSTE nó a allmhairítear ó thríú tíortha, ar mhargadh na Gréige, faoina n-ainm branda féin, tá sé d'oibleagáid orthu dearbhú sollúnta a chur faoi bhráid na Stiúrthóireachta Fuinnimh, Táirgí Tionsclaíocha agus Táirgí Ceimiceacha Ard-Stiúrthóireacht na Saotharlann Stáit Ghinearálta Cheimiceach (GCSL) den Údarás Neamhspleách um Ioncam Poiblí (IAPR) ina luaitear na sonraí seo a leanas maidir le gach táirge:

a) An trádainm agus an cód táirge (más infheidhme).

b) Saintréithe fisiciceimiceacha an táirge, eadhon:

- Sainmheáchan

- Bonnuimhir iomlán

- Luaith shulfáitithe

- Sulfar

- Fosfar

- Cailciam
- Bairiam
- Sinc, etc. (atá le fáil sna breiseáin)
- Doirtphointe
- Speictream IR
- Uimhir slaodachta SAE
- Cáilíocht de réir API agus/nó ACEA agus/nó ILSAC

c) Bileog Sonraí Sábháilteachta an táirge deiridh, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, seachas sin coinníollacha bróisiúir theicniúil.

d) Comhaontú Ceadúnais leis an API nó deimhniú ó údarás inniúil na tíre táirgthe go bhfuil an táirge ar an margadh go dleathach i dtír de chuid an Aontais Eorpaigh nó dearbhú sollúnta maidir leis an leibhéal cáilíochta atá bainte amach ag an táirge, mar aon leis na sonraí is gá chun é sin a chruthú, lena n-áirítear:

- Tionscnamh, cóimheasa agus soláthróirí na mbonn-olaí,
- Cineálacha, trádainmneacha, cóimheasa agus soláthróirí breiseán, le bróisiúir theicniúla na gcuideachtaí monaraíochta, lena n-áireofar:
 - i) tuairisc ghinearálta ar an mbreiseán
 - ii) na cóimheasa ag a n-úsáidtear é agus na sonraíochtaí a bhaintear amach leis na cóimheasa sin
 - iii) sonraí an bhreiseáin, a shaintréithe fisiciceimiceacha agus torthaí tástálacha meicniúla ar na breiseáin.

2. Má chuirtear na doiciméid tacaíochta isteach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, cuirfear an bealadh ar liosta a choimeádfaidh an Stiúrthóireacht Fuinnimh, Táirgí Tionsclaíocha agus Táirgí Ceimiceacha, sannfar uimhir liosta don táirge agus cuirfear an chuideachta ar an eolas i scríbhinn. Is mar fhógra iontrála ar an liosta amháin a fheidhmíonn uimhir an liosta agus ní thaispeánfar í ar phacáistíocht an táirge. Na sonraí agus na doiciméid uile a chuirtear faoi bhráid na Stiúrthóireachta Fuinnimh, Táirgí Tionsclaíocha agus Táirgí Ceimiceacha, chun críche clárúcháin, measfar iad a bheith rúnda agus láimhseálfar iad dá réir sin.

3. I gcás athrú ar aon cheann de na sonraí dá dtagraítear i mír 1, athdhéanfar an nós imeachta um thíolacadh.

4. Beidh feidhm le forálacha an Chinnidh seo gan dochar d'fhorálacha Rialachán (AE) 2019/515 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le haitheantas frithpháirteach earraí atá ar an margadh go dleathach i mBallstát eile.

Airteagal 4 **Tásca ar an bpacáistíocht**

Léireofar an méid seo a leanas ar an lipéadú ar phacáistíocht bealaí le haghaidh ICE ceithre bhuille:

- An trádainm agus an cineál ábhair
- Uimhir slaodachta SAE
- Leibhéal cáilíochta de réir ACEA agus/nó API (agus/nó ILSAC)
- Toirt an ábhair
- Trádainm agus sonraí teagmhála uile na cuideachta a chuireann bealaí faoina hainm branda ar mhargadh na Gréige i gcomhréir le hAirteagal 3 (1) den Chinneadh seo.

Ina theannta sin, comhlíonfaidh na mionsonraí a léirítear ar an bpacáistíocht an méid seo a leanas:

a) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistíocht substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, arna leasú.

b) Cinneadh Aireachta maidir le Códú Rialacha maidir le Margaíocht agus Trádáil Táirgí agus Soláthar Seirbhísí (Rialacháin MTPPS), mar atá i bhfeidhm.

Airteagal 5 **Sampláil - Modhanna tástála**

Déanfar bealaí le haghaidh ICE ceithre bhuille a shampláil i gcomhréir le modhanna agus treoirlínte ginearálta EN ISO 3170. Déanfar tástáil

saotharlainne i gcomhréir le sonraíochtaí ACEA agus API (agus/nó ILSAC) is infheidhme tráth an mhonaraithe agus, ina éagmais sin, i gcomhréir le sonraíochtaí EN agus ISO. Déanfar torthaí na tástála a léirmhíniú go staitistiúil i gcomhréir le caighdeán EN ISO 4259.

Airteagal 6 Forálacha idirthréimhseacha

Measfar go gcomhlíonann bealaí a cuireadh ar an margadh cheana féin i gcomhréir le Cinneadh Comhpháirteach Aireachta 526/2004 (Iris Rialtais 630/B/12.5.2005) forálacha an Chinnidh seo.

Airteagal 7 Forálacha aisghairthe

Ar fhoilsiú an Chinnidh seo in Iris an Rialtais, scoirfidh Cinneadh Comhpháirteach Aireachta 526/2004 (Iris Rialtais 630/B/12.5.2005) d'fheidhm a bheith aige.

Airteagal 8 Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in Iris an Rialtais.

AN tUACHTARÁN

AN RÚNAÍ

ANASTASIA DETSI

ELENI BANIA-GEORGOPOULOU